Eagarthóir Taighde
Dhá phost ar conradh – suas le 28 mí ó Mheán Fómhair 2017

Tá eagarthóirí taighde ar conradh á n-earcú ag Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a leanas a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), dúchas.ie agus gaois.ie. Beidh na heagarthóirí taighde ina mbaill de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile.

Baineann na tionscadail uile leis na daonnachtaí digiteacha. Beidh dualgais ar na heagarthóirí ar thionscadail éagsúla agus beidh freagrachtaí comhordaithe tionscadal i gceist freisin. Beidh na heagarthóirí seo freagrach as réimsí den obair a fhorbairt agus a stiúradh i gcomhar le baill foirne eile mar aon le caighdeán na n-aschur a dheimhniú. Éilíonn an obair seo saintaithí taighde, eagrúchán pearsanta, breithiúnas grinn agus scileanna maithe idirphearsanta. Beidh na daoine a cheapfar lonnaithe in oifigí Fiontar & Scoil na Gaeilge.

Riachtanais:
- Tabharfar tús áite d'iarrthóirí a bhfuil céim PhD acu i réimse acadúil cuí. I gcásanna áirithe glacfar lena hiontamhail, is é sin le rá, saintaithí inchomparáide i réimse an taighde acadúil má léirítear go bhfuil foilseacháin acadúla ag an iarrthóir mar aon le céim mháistreachta agus taithí ghairmiúil roinnt blianta ar obair thaighde ardleibhéil. Is gá bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge.
- Ní mór taithí a bheith ag iarrthóirí ar obair thaighde a phleanáil go céimnitheach, an obair a chomhordú as a stuaim féin agus na torthaí a léiriú agus a mheas.
- Is gá d'iarrthóirí bheith líofa sa Ghaeilge agus caighdeán an-ard a léiriú i gcruinneas na Gaeilge scríofa, ar an leibhéal is gá chun téacs infhoilsithe a sholáthar.
- Ba bhuntáiste é oiliúint nó taithí a bheith ag iarrthóirí in aon réimse díobh seo: teicneolaíochtaí teanga, an téarmeolaíocht, an chartlannaíocht dhigiteach, nó an béaloideas.

Tuarastal ar an scála:*
€37,750–€38,860–€40,003
* Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé: An Dr Úna Bhreathnach (01-700 8083); una.bhreathnach@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: 17.00 Dé Céadaoin, an 31 Bealtaine.
Táthar ag súil go reáchtálfar agallaimh an tseachtain dar tús an 19 Meitheamh.
Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó:
Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.
Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie

Luaigh go soiléir sa líne ábhair den rphost agus san iarratas féin an ról a bhfuil tú ag cur isteach air, an tagairt phoist san áireamh: Tag. #548 Eagarthóir Taighde

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.